An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission




# Tuarascáil Athbhreithnithe ar Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa 2023

# Tuarascáil Athbhreithnithe ar Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa 2023

Arna Foilsiú ag an gCoimisiún
Toghcháin, Samhain 2023
ISBN - 978-1-911722-03-8

# Clár Ábhair

RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH 4

ATHBHREITHNIÚ AR THOGHLAIGH DO PHARLAIMINT NA hEORPA 5

TÉARMAÍ TAGARTHA AN ATHBHREITHNITHE AR THOGHLAIGH DO PHARLAIMINT NA hEORPA 6

LÍON NA bhFEISIRÍ DE PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHDHÉANAMH NA dTOGHLACH 6

MOLADH 7

AIGHNEACHTAÍ 10

# Réamhrá ón gCathaoirleach

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin (an Coimisiún) 9 mí ó shin faoin Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 chun gníomhú mar choimisiún toghcháin neamhspleách na hÉireann. Tugadh freagracht dúinn leis an reacht as raon leathan feidhmeanna toghcháin nua agus reatha a mheastar a bheith lárnach chun an daonlathas a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn.

Bhí athbhreithniú ar ár dtoghlaigh i bhfianaise an mhéadaithe ar an daonra agus na gcritéar bunreachtúil agus reachtúil ar cheann dár gcéad chúraimí. Ar an 30 Lúnasa 2023 d'fhoilsigh an Coimisiún Toghcháin ár moltaí do Thoghlaigh na Dála agus Pharlaimint na hEorpa. Tráth na tuarascála sin níor tháinig aon athrú ar líon na bhFeisirí Eorpacha ag 13 agus mhol an Coimisiún gan aon athrú a dhéanamh ar na toghlaigh Eorpacha. I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála sin, áfach, le Cinneadh ón gComhairle Eorpach an 22 Meán Fómhair 2023 leithdháileadh suíochán breise ar Éirinn i bParlaimint na hEorpa, rud a mhéadaigh líon na suíochán ó 13 go 14 i gcomhréir lenár bhfás daonra agus le rialacha comhréireachta an Aontais i gcomhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa.

Tá athbhreithniú á dhéanamh againn arís, mar sin, ar theorainneacha thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa chun an suíochán breise a chur san áireamh. Chun na críche sin, agus toisc go measaimid go gcuireann rannpháirtíocht inár gcinnteoireacht le díospóireacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach, lorgaíomar aighneachtaí. Agus sinn ag aithint go soiléir go bhfuil toghcháin Eorpacha Mhí an Mheithimh romhainn, agus go mbeidh iarrthóirí agus a bpáirtithe polaitíochta ag bogadh go tapa chun ullmhú don fheachtas atá le teacht, rinneamar an t-athbhreithniú sin laistigh den tréimhse ama is giorra agus is féidir faoi théarmaí an Achta um Athchóiriú Toghcháin 2022, agus an tréimhse chomhairliúcháin riachtanach thábhachtach á cinntiú againn.

Ní mór domsa mar an gCathaoirleach, buíochas a ghabháil le roinnt daoine agus eagraíochtaí as a gcúnamh: Ard-Stiúrthóir agus foireann na Príomh-Oifige Staidrimh, a bhfuil an tAthbhreithniú seo bunaithe ar a Daonáireamh sa bhliain 2022; Príomhfheidhmeannach agus foireann Tailte Éireann ar iarradh a saineolas léarscáilithe arís; mo sheisear comhghleacaithe sa Choimisiún Toghcháin a dhírigh arís ar anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil chun na sainorduithe bunreachtúla agus reachtúla a chomhlíonadh.

Thar ceann an Choimisiúin Toghcháin, molaim an moladh seo lena bhreithniú ag Tithe an Oireachtais





An Breitheamh Marie Baker, Cathaoirleach, An Coimisiún Toghcháin.

# Athbhreithniú ar Thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa




Ar an 30 Lúnasa 2023 d'fhoilsigh an Coimisiún Toghcháin a mholtaí do Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa faoi fhorálacha alt 56 (1) (a) den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022. Sa tuarascáil seo níor tháinig aon athrú ar líon na bhFeisirí de chuid Pharlaimint na hEorpa ag 13. Mhol an Coimisiún gan aon athrú a dhéanamh ar na toghlaigh Eorpacha.

I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála seo, áfach, cuireadh comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa i gcrích le Cinneadh (AE) 2023/2061 ón gComhairle Eorpach an 22 Meán Fómhair 2023.

Leis an gCinneadh AE sin, leithdháileadh suíochán breise ar Éirinn i bParlaimint na hEorpa, rud a mhéadaigh líon na suíochán ó 13 go 14.

In alt 56 (1) (b) den Acht rinneadh foráil maidir le cás den sórt sin ina ndéantar athrú ar líon na suíochán do Pharlaimint na hEorpa i ndiaidh tuarascáil ar Thoghlaigh a leagan faoi bhráid an Oireachtais agus nuair nach bhfuil aon tuarascáil Athbhreithnithe Toghlaigh le fáil roimh dháta an chéad toghchán eile do Pharlaimint na hEorpa – atá sceidealaithe do mhí an Mheithimh 2024.

Seo a leanas an t-alt ábhartha den Acht:

56. (1) Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thoghlaigh uile:

(b) tar éis don Choimisiún ordachán i scríbhinn a fháil ón Aire, a thabharfaidh an tAire i gcás ina mbeidh tuarascáil faoi alt 57 tíolactha ag an Coimisiún um Thoghlaigh nó ag an gCoimisiún, agus i gcás—

(i) tar éis an tíolactha sin, nach ionann líon iomlán fheisirí Pharlaimint na hEorpa a thoghfar sa Stát arna shonrú de bhun na gconarthaí lena rialaítear an tAontas Eorpach agus an líon iomlán ar thug an Coimisiún um Thoghlaigh nó an Coimisiún aird air agus a thuarascáil á hullmhú aige faoi alt. 56,

(ii) níl an Coimisiún um Thoghlaigh ná an Coimisiún le tuarascáil a ullmhú agus a thíolacadh faoi alt 56(1)(a) roimh dháta an chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa.

Foilsíodh an Cinneadh ón gComhairle Eorpach lena méadaítear leithdháileadh na suíochán ar Éirinn in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 27 Meán Fómhair 2023. I gcomhréir leis an Acht, ar an 27 Meán Fómhair, 2023 scríobh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chuig cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin inar thug sé ordú don Choimisiún athbhreithniú eile a dhéanamh ar Thoghlaigh Eorpacha. Is í an Tuarascáil seo toradh an athbhreithnithe sin.

Mar an gcéanna leis an Athbhreithniú ar Dháilcheantair do Dháil Éireann, is moltaí comhairleacha iad moltaí an Choimisiúin.

Tá sé faoi Thithe an Oireachtais cinneadh deiridh maidir le toghlaigh do Pharlaimint na hEorpa a leagan amach sa reachtaíocht.

## TÉARMAÍ TAGARTHA AN ATHBHREITHNITHE AR THOGHLAIGH DO PHARLAIMINT NA hEORPA

Sa chuid seo tugtar achoimre ar chur chuige an Choimisiúin maidir leis na buncheisteanna agus na cinntí a rinneadh i dtaca leis an Athbhreithniú ar Thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa roimh na Toghcháin Eorpacha i Meitheamh 2024.

Faoi chuid 57 maidir le toghlaigh do Pharlaimint na hEorpa, beidh aird ag an gCoimisiún ar an méid seo leanas:

- beidh líon iomlán na bhfeisirí atá le toghadh sa Stát do Pharlaimint na hEorpa comhionann leis an líon a d'fhéadfaí a shonrú de bhun na gConarthaí lena rialaítear na Comhphobail Eorpacha. Cuirfear feisire amháin leis an líon, ó 13 go 14;
- beidh comhionannas réasúnach ionadaíochta ann idir na toghlaigh;
- toghfar 3, 4 nó 5 feisirí i ngach toghcheantar;
- déanfar sárú teorainneacha contaetha a sheachaint a mhéid is indéanta;
- beidh gach toghlach comhdhéanta de limistéir theorantacha;
- Tabharfar aird ar cheisteanna geografacha lena n-áirítear gnéithe fisiceacha suntasacha agus méid agus dlús an daonra i ngach toghlach; agus
- faoi réir na gcúrsaí thuas, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall leanúnachas a choinneáil ar bun maidir le socrú na dtoghlach.

## LÍON NA bhFEISIRÍ DE PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHDHÉANAMH NA dTOGHLACH

Rinne an Coimisiún an tAthbhreithniú ar Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa i Mí Lúnasa 2023 i gcomhthéacs próisis arna reáchtáil ag Institiúidí Eorpacha maidir le comhdhéanamh foriomlán Pharlaimint na hEorpa roimh Thoghcháin Eorpacha 2024.

I láthair na huaire, tá 13 FPE ag Éirinn atá leithdháilte ar fud trí thoghlach, de réir Tábla 1.

Leis an gcomhaontú ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus Comhairle na nAirí air, feictear comhdhéanamh deiridh den Pharlaimint, ina leithdháiltear FPE breise amháin ar Éirinn, rud a fhágann gurb é 14 Fheisire Eorpacha ár n-ionadaíocht iomlán. Dheimhnigh an tAontas Eorpach an cinneadh sin in Iris Oifigiúil an 27 Meán Fómhair 2023. I láthair na huaire, tá 13 FPE ag Éirinn atá leithdháilte ar fud trí thoghlach, de réir Tábla 1.

**Tábla 1: Athbhreithniú ar Thoghlaigh reatha Pharlaimint na hEorpa**

| An Toghlach Reatha | Limistéar | Líon na FPEnna in 2022 |
|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | Na contaetha a leanas: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas; agus cathair Bhaile Átha Cliath. | 4 |
| Lár Tíre-an Iarthuaisceart | Na contaetha a leanas: an Cabhán, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Dara, Liatroim, an Longfort, Lú, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach agus an Iarmhí; agus cathair na Gaillimhe. | 4 |
| An Deisceart | Na contaetha a leanas: Ceatharlach, an Clár, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Laois, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Cill Mhantáin; agus cathair Chorcaí, agus cathair agus contae Luimnigh agus cathair agus contae Phort Láirge. | 5 |

## MOLADH

Agus an suíochán breise leithdháilte ar Éirinn, molann an Coimisiún go ndéanfaí contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí a aistriú ón toghlach Theas go toghlach Láir Tíre-an Iarthuaiscirt, agus suíochán amháin a chur le toghlach Láir Tíre-an Iarthuaiscirt chun toghlach 5 shuíochán a dhéanamh de.

Cé gur chonacthas raonta iomlána athraithis idir 16% agus 21% in Athbhreithnithe ar Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa roimhe seo, mar shampla in 1977, 1993, 1998, 2003, 2007, agus 2012, feictear raon iomlán athraithis sa mholadh seo de 1.99% - ón athraitheas is airde de +1.10% sa toghlach Theas go dtí an t-athraitheas is ísle de -0.89% i dToghlach Bhaile Átha Cliath. Is é -0.39% a bheidh san athraitheas i dtoghlach Láir Tíre-an Iarthuaiscirt.


Toghfaidh gach toghlach 4 nó 5 chomhalta, ní sháraítear aon teorainneacha contae agus tá gach toghlach comhdhéanta de limistéir thadhlacha.

Tá leanúnachas suntasach sa mholadh seo chomh maith toisc nach ndearnadh aon athrú ar thoghlach reatha Bhaile Átha Cliath, agus go bhfuil an daonra iomlán a aistreofar measartha beag.

I ndiaidh don Choimisiún na roghanna sin agus na haighneachtaí a cuireadh faoina bhráid a bhreithniú, molann sé gurb é an socrú is mó a chloíonn lena théarmaí tagartha agus go háirithe lena soláthraítear leanúnachas aistriú chontaetha Laoise agus Uíbh Fhailí ón toghlach Theas go dtí Toghlach Láir Tíre- an Iarthuaiscirt, agus suíochán amháin a chur le toghlach Láir Tíre-an Iarthuaiscirt chun toghlach 5 shuíochán a dhéanamh de.

Agus an suíochán breise leithdháilte ar Éirinn, molann an Coimisiún go ndéanfaí contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí a aistriú ón toghlach Theas go dtí toghlach Láir Tíre-an Iarthuaiscirt.

AN COIMISIÚN TOGHCHÁIN - CONSTITUENCY REVIEW 2023
EUROPEAN PARLIAMENT CONSTITUENCIES



| Tábla 2: Moltaí do na Toghlaigh do Pharlaimint na hEorpa | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Toghlaigh mholta do Pharlaimint na hEorpa | Limistéar | FPEnna | Daonra 2022 | Daonra 2022 in Aghaidh an FPE | % athraitheas in aghaidh an FPE |
| Baile Átha Cliath | Na contaetha a leanas: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas; agus cathair Bhaile Átha Cliath. | 4 | 1,458,154 | 364,539 | -0.89 |
| Lár Tíre-an Iarthuaisceart | Na contaetha a leanas: an Cabhán, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Dara, Liatroim, an Longfort, Lú, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach agus an Iarmhí; agus cathair na Gaillimhe.<br>Aistrítear contaetha Laoise agus Uíbh Fhailí ón toghlach Theas. | 5 | 1,831,741 | 366,348 | -0.39 |
| An Deisceart | Na contaetha seo a leanas: Ceatharlach, an Clár, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Cill Mhantáin; agus cathair Chorcaí, agus cathair agus contae Luimnigh agus cathair agus contae Phort Láirge. | 5 | 1,859,244 | 371,849 | +1.10 |
| Iomlán | | 14 | 5,149,139 | 367,796 | Raon: 1.99 |



# Aighneachtaí

Ar an 29 Meán Fómhair 2023 chuir an Coimisiún tús le próiseas comhairliúcháin míosa don Athbhreithniú ar Thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa. Áiríodh leis sin fógraí sna nuachtáin náisiúnta, fógraí ar ár suíomh gréasáin (www.electoralcommission.ie) agus postálacha ar na meáin shóisialta. Ag deireadh na míosa seo bhí 23 aighneacht faighte ag an gCoimisiún agus bhreithnigh an Coimisiún gach ceann díobh le linn a bplé.

Chomh maith le haighneachtaí nua a fuarthas mar chuid den phróiseas sin chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leo siúd uile a rinne aighneachtaí don athbhreithniú roimhe seo idir 9 Feabhra agus 10 Bealtaine. Rinneadh na haighneachtaí sin i gcomhthéacs easpa cinnteachta maidir le leithdháileadh na suíochán ar Éirinn do chéad Pharlaimint eile na hEorpa. Le linn an athbhreithnithe roimhe seo ar thoghlaigh do Pharlaimint na hEorpa a rinne an Coimisiún, bhreathnaigh Coiste Ghnóthaí Bunreachtúil na Parlaiminte ar mholadh suíochán amháin nó fiú dhá shuíochán a leithdháileadh ar Éirinn sa chéad Pharlaimint eile.

Ag eascairt ón bhforbairt seo, lorg an Coimisiún aighneachtaí poiblí breise ar na moltaí nua i sraith fógraí poiblí le linn na tréimhse ón 9 go dtí an 16 Aibreán. Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leo siúd uile a rinne aighneachtaí mar chuid den Athbhreithniú ar Thoghlaigh a foilsíodh ar an 30 Lúnasa 2023 agus cuireadh ceist orthu ar mian leo a n-aighneacht tosaigh a mheas anois mar chuid den athbhreithniú nua seo ar thoghlaigh Eorpacha, nó ar mian leo aighneacht nua a dhéanamh. D'iarr ochtar díobh siúd a chuir aighneacht isteach maidir leis an athbhreithniú roimhe seo go ndéanfaí a n-aighneachtaí a mheas mar chuid den athbhreithniú seo. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na haighneachtaí sin go léir le linn a bplé.

Chuir roinnt aighneachtaí imní in iúl maidir le méid thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa. Cuirfear na ceisteanna seo san áireamh sa taighde atá ar bun ag an gCoimisiún maidir le dáilcheantair a achoimríodh san Athbhreithniú Dáilcheantair a foilsíodh i Lúnasa 2023.


## LIOSTA AIGHNEACHTAÍ

**Páirtithe Polaitíochta (Náisiúnta)**
Páirtí an Lucht Oibre
Fine Gael
An Comhaontas Glas
Sinn Féin

**Páirtithe Polaitíochta (Áitiúil)**
Comhairle Dáilceantair Uibh Fhailí Fianna Fáil (Miriam Uí Cheallacháin)

**Ionadaithe Tofa**
An Seanadaóir Malcolm Byrne
Cathal Crowe T.D.

**Daoine Aonair**
Liam Ahern
Edmond Byrne
John Byrne
Tom Cassidy
Denis Cahalane
John Colgan
Jason Fitzharris
Brendan Heneghan
Frank Hynes
Adam Hunt
Paul Mahon
Keith Mills
William Quill
Stephen Spillane
Richard Talbot
Craig Williamson



Arna Foilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Samhain 2023
ISBN - 978-1-911722-03-8

**An Coimisiún Toghcháin,
The Electoral Commission,
Dublin Castle, Dublin 2,
D02 X8X8.**

@ElecCommIRL

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission